

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/57 ÓN gCOIMISIÚN
an 25 Eanáir 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) i dtaca le luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiarracht dóibh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán, (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ⁽¹⁾ ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 68 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 srianta maidir le substaintí, meascáin agus earraí contúirteacha áirithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid. In iontráil 63 den Iarscríbhinn sin tá srianta maidir le luaidhe (Uimh. CAS 7439-92-1, CE Uimh. 231-100-4) agus maidir le comhdhúile luaidhe.
- (2) Tá an tAontas agus 23 Bhallstát ina bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú ⁽²⁾ (AEWA). Ceanglaítear ar Pháirtithe Conarthacha faoi mhír 4.1.4 den Phlean Gníomhaíochta atá i gceangal le AEWA féachaint le deireadh a chur de réir a chéile le hurchair ghunna luaidhe a úsáid le haghaidh fiach i mbogaigh a luaithe is féidir i gcomhréir le tráthchláir atá féin-fhocurtha agus foilsithe.
- (3) Le hAirteagal 4(2) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ceanglaítear ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chosaint na mbogach, agus go háirithe ar chosaint na mbogach a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo, maidir le bearta caomhnúcháin a dhéanamh i ndáil le speicis imirceacha a fhaightear go rialta.
- (4) An 3 Nollaig 2015, d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Gníomhaireacht") de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 sainchomhad a ullmhú d'fhonn síneadh a chur leis an srian ar luaidhe agus ar chomhdhúile luaidhe in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin d'fhonn rialú a dhéanamh ar an riosca don chomhshaoil agus do shláinte an duine a eascraíonn as úsáid a bhaint as luaidhe nó as comhdhúile luaidhe in urchair ghunna a úsáidtear le haghaidh lámhach i mbogaigh ("sainchomhad Iarscríbhinn XV"). Ag an am céanna, d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht freisin tús a chur le faisnéis a bhailiú maidir le húsáidí eile armlóin luaidhe, lena n-áirítear fiach i dtír-raonta seachas bogaigh agus lámhach targaidí, agus maidir le meáchain luaidhe a úsáid le haghaidh iascaireachta.

⁽¹⁾ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

⁽²⁾ https://www.unep-aewa.org/sites/default/files/basic_page_documents/agreement_text_english_final.pdf

⁽³⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

- (5) An 21 Meitheamh 2017, d'fhoilsigh an Gníomhaireacht sainchomhad (*) Iarscríbhinn XV ina moltar go dtabharfaí isteach srian ar luaidhe agus ar chomhdhúile luaidhe a úsáid in urchair ghunna chun gránghunna a lámhach laistigh de bhogach nó i gcás ina dtiteadh urchair ghunna chaite laistigh de bhogach. Mhol an Gníomhaireacht freisin srian a chur ar sheilbh a bheith ag duine ar urchair ghunna ina bhfuil tiúchan luaidhe 1 % nó níos mó ná sin (“urchair ghunna luaidhe”) i mbogaigh chun gur fearr a bheifear in ann an srian atá beartaithe ar úsáid luaidhe in urchair ghunna le haghaidh lámhaigh a chur i bhfeidhm. Maidir le luaidhe a úsáid in urchair ghunna, tháinig an Gníomhaireacht ar an gconclúid gur baol atá sa luaidhe chaite d'éin uisce a shlogann urchair ghunna, agus go bhféadfadh éifeachtaí tocsaineolaíocha a bheith ann dá bharr, lena n-áirítear bás.
- (6) Milliún in aghaidh na bliana líon na n-éan uisce a mheastar a fhaigheann bás san Aontas de nimhiú luaidhe. Nuair a úsáidtear luaidhe in urchair ghunna, is baol freisin do speicis a bheathaíonn iad féin le héin atá éillithe le hurchair ghunna luaidhe, agus is baol do dhaoine a itheann éin uisce a lámhachtar le hurchair ghunna luaidhe, cé nach ndearna an Gníomhaireacht an baol deireanach sin a mheas ach go cáilíochtúil. Tá baint ag nochtadh don luaidhe i gcás an duine le héifeachtaí néarfhorbartha, le feidhm dhuánach agus torthúlacht lagaithe, le hipirtheannas, le torthaí díobhálacha toirchis agus leis an mbás.
- (7) Tháinig an Gníomhaireacht ar an gconclúid go bhfuil roghanna malartacha urchar gunna atá saor ó luaidhe, amhail urchair ghunna chruaiche agus bhiosmait, atá ar fáil go forleathan, indéanta go teicniúil agus níos fearr i dtaca le sláinte an duine agus le guais chomhshaoil agus le próifílí riosca ná mar atá urchair ghunna luaidhe. Thairis sin, tá urchair ghunna chruaiche, an rogha mhalartach is dóichí a úsáidfeair, ar fáil ar phraghas atá incomparáide le praghas na n-urchar gunna luaidhe.
- (8) I dtromlach na mBallstát, is ann d'fhorálacha lena dtoirmiscear nó lena sriantar luaidhe a úsáid in urchair ghunna i mbogaigh, ach bíonn leibhéal dhifriúla laghdaithe riosca ann de thoradh na n-éagothromaíochtaí eatarthu. Ina theannta sin, is gnách go dtrasnaíonn bealaí imirce na n-éan imirceach roinnt Ballstát agus dá bhrí sin d'fhéadfadh na héin urchair ghunna luaidhe chaite a shlogadh sna Ballstáit nach bhfuil aon bhearta teoranta i bhfeidhm iontu nó ina bhfuil bearta níos teoranta i bhfeidhm iontu. Léiríodh i sainchomhad Iarscríbhinn XV go bhfuil gníomhaíocht ar fud an Aontais ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar bhealach comhchuibhithe ar na rioscaí a bhaineann le luaidhe a úsáid in urchair ghunna i mbogaigh. Ba cheart reachtaíocht um chomhchuibhiú a bhunú, áfach, ar ardleibhéal cosanta. Níor cheart, dá bhrí sin, é a bheith de thoradh ar an gcomhchuibhiú oibleagáid a chur ar na Ballstáit a bhfuil forálacha náisiúnta níos déine acu maidir le luaidhe a bheith in urchair ghunna, deireadh a chur leis na forálacha sin, ós é a thiocfadh as sin go mbeadh laghdú ann ar leibhéal cosanta an chomhshaoil agus na sláinte sna Ballstáit sin.
- (9) Mhol an Gníomhaireacht tréimhse 3 bliana chun an srian a thabhairt isteach.
- (10) An 9 Márta 2018, ghlac Coiste um Measúnú Riosca (RAC) na Gníomhaireachta tuairim de bhun Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV. De réir na tuairime sin, d'aontaigh RAC le conclúid na Gníomhaireachta go mbíonn éifeachtaí tocsaineolaíocha ann, lena n-áirítear bás, de thoradh éin a bheith ag slogadh urchair ghunna luaidhe chaite. I dtaca le sláinte an duine, chinn RAC go bhfuil an luaidhe an-tocsaineach agus nár bunaíodh aon tairseach maidir leis na héifeachtaí néarfhorbartha atá aige i gcás leanaí ná maidir leis na héifeachtaí brú fola nó na héifeachtaí duánacha atá aige i gcás daoine fásta, agus dá bhrí sin, is riosca é aon nochtadh do luaidhe. Tháinig RAC ar an gconclúid gur beart uile-Aontais iomchuí é an srian atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.
- (11) Thacaigh RAC go láidir le tréimhse níos giorra ná na 3 bliana a mhol an Gníomhaireacht. Ba é an chúis a tugadh go scaoilfí thart ar 4 000 tona luaidhe breise isteach i limistéir bhogaigh le gach bliain mhoille, rud a d'fhágfadh go bhfaigheadh thart ar aon mhilliún éan bás.
- (12) An 14 Meitheamh 2018, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) tuairim de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 inar cinneadh gur beart iomchuí uile-Aontais é an srian atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus é á chur san áireamh go mbeadh sochair shocheacnamaíocha an bhirt i gcomhréir leis an gcostas shocheacnamaíoch. Ina theannta sin, bhain SEAC de thátal gurb iad sealgairí is mó a sheasfadh costas an tsriain atá beartaithe, agus go raibh an méadú ar chostas na sealgairí réasúnta.

(*) <https://echa.europa.eu/documents/10162/6ef877d5-94b7-a8f8-1c49-8c07c894fff7>

- (13) Mheas SEAC go bhféadfadh tréimhse níos giorra ná na 3 bliana a mholtar i sainchomhad Iarscríbhinn XV a bheith ina dhúshlán ó thaobh cur chun feidhme de i gcás na mBallstát sin nach bhfuil ach toirmeasc teoranta nó nach bhfuil aon toirmeasc acu ar urchair ghunna luaidhe a úsáid i mbogaigh faoi láthair, cé gur admhaigh SEAC freisin go bhféadfadh idirthréimhse níos giorra a bheith indéanta, ós rud é go bhfuil urchair ghunna atá saor ó luaidhe ar fáil ar an margadh cheana féin agus, i dtaca le costas méadaithe i gcás gunnaí a athsholáthar go luath, nach mbeadh ach tionchar beag ag tréimhse níos giorra.
- (14) Chuathas i gcomhairle leis an bhFóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú le linn an phróisis srianta i gcomhréir le hAirteagal 77(4)(h) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus cuireadh a mholtaí san áireamh.
- (15) An 17 Lúnasa 2018, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí RAC agus SEAC ⁽⁹⁾ faoi bhráid an Choimisiúin.
- (16) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV, tuairimí RAC agus SEAC, an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht roghanna malartacha á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil riosca do-ghlactha ann don chomhshaoil agus go bhféadfadh riosca a bheith ann do shláinte an duine de thoradh scaoileadh na n-urchar gunna luaidhe i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh, ar riosca é nach mór aghaidh a thabhairt air ar bhonn uile-Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, srian a thabhairt isteach ar scaoileadh na n-urchar gunna luaidhe i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh.
- (17) I bhfianaise a dheacra atá sé do na húdaráis fhorfheidhmithe breith ar shealgairí le linn dóibh a bheith ag scaoileadh urchair ghunna go hiarbhír, ba cheart a chur san áireamh leis an srian urchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine le linn dó a bheith ag lámhach. Leis sin, beifear in ann an srian ar scaoileadh urchair ghunna a fhorfheidhmiú ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí agus, dá bhrí sin, áiritheofar leis éifeachtacht an tsriain ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear don chomhshaoil agus do shláinte an duine. Níor cheart an srian a nascadh le cearta úinéireachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an téarma “iompar” a úsáid in ionad “seilbh”, arbh é an téarma a mhol an Ghníomhaireacht é.
- (18) Ba cheart, áfach, feidhm a bheith ag srian ar urchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine go háirithe maidir le hurchair ghunna a bheith ar iompar aige le linn dó a bheith ag lámhach, murab ionann agus urchair a bheith ar iompar aige i gcomhthéacs éigin eile, agus urchair ghunna á n-iompar trasna na mbogach chun iad a sheachadadh in áit eile, cuir i gcás. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart nasc díreach a bheith idir an srian ar urchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine agus an cineál áirithe lámhaigh a thagann faoi raon feidhme an tsriain (lámhach i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh). Is amhlaidh atá ós rud é gur léiríodh, leis na tuairimí a cuireadh isteach le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV, gur dócha, i roinnt Ballstát, i gcás sealgairí a bhfuil baint acu le cineálacha eile lámhaigh, go siúlfaidh siad trí chineálacha éagsúla tír-raoin, bogaigh chomh maith le tír-raonta eile san áireamh, le linn gnáthlá lámhaigh. Chun cabhrú leis an bhforfheidhmiú, measann an Coimisiún freisin gur cheart go gcumhdófaí leis an srian ar urchair ghunna a bheith ar iompar ag duine ní hamháin na hurchair sin a bheith ar iompar aige le linn dó a bheith ag lámhach i mbogach, ach iad a bheith ar iompar aige le linn dó a bheith ag dul ag lámhach i mbogach freisin, i bhfocail eile i gcás ina mbeidh dlúthnasc idir é agus an lámhach iarbhír. Chumhdódh sé sin, mar shampla, urchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine agus é ag dul chun lá lámhaigh a dhéanamh sa bhogach, nó le linn dó a bheith ag filleadh abhaile ó lá lámhaigh, nó na hurchair sin a bheith ar iompar ag duine éigin atá ag cabhrú le sealgairí ar thuras lámhaigh.
- (19) I bhfianaise na ndeacrachtaí praiticiúla a bhaineann leis an gcineál áirithe lámhaigh a bhfuil sé ar intinn a dhéanamh ag duine a dtagtar air agus urchair ghunna luaidhe ar iompar aige, is iomchuí toimhde dhlíthiúil a bhunú, i dtaca le haon duine a dtagtar air i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh agus urchair ghunna luaidhe ar iompar aige le linn dó a bheith ag lámhach nó ag dul ag lámhach, toimhdítear go bhfuil na hurchair sin ar iompar aige le linn dó a bheith ag lámhach i mbogach, nó le linn dó a bheith ag dul ag lámhach i mbogach. I bhfocail eile, bheadh ar an duine sin a léiriú go raibh sé ar intinn aige dul ag lámhach áit éigin eile agus nach raibh sé ach ag gabháil tríd an mbogach chun dul ag lámhach áit éigin eile.
- (20) Maidir leis an raon feidhme geografach, mhol an Ghníomhaireacht gur cheart feidhm a bheith ag an srian ar urchair ghunna luaidhe a scaoileadh ní hamháin i mbogaigh ach i limistéir “ina dtitfeadh urchair ghunna chaite laistigh de bhogach”. Tugann an Coimisiún dá aire go raibh roinnt tacaíochta i RAC chun crios maolánach seasta a shainiú go cainníochtúil timpeall ar bhogaigh seachas brath ar thástáil bunaithe ar an áit ina dtitfeadh urchair chaite. Aontaíonn an Coimisiún gur dócha go mbeidh sé níos éasca an srian a chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú de thoradh crios maolánach seasta. Ba cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le hurchair ghunna luaidhe a scaoileadh ní hamháin i mbogaigh ach i gcrios maolánach seasta timpeall ar bhogaigh freisin, arna shainmhíniú go cainníochtúil. Agus an gá le comhréireacht a áirithiú á chur san áireamh, ba cheart méid an chreasa mhaolánaigh sheasta a shocrú ag 100 méadar thart ar bhogaigh.

⁽⁹⁾ <https://echa.europa.eu/documents/10162/b092e670-3266-fb5d-6296-544eaccb5d4a>

- (21) I bhfianaise na mbuntáistí forfheidhmiúcháin agus éifeachtacht an tsriain toisc nach gá breith ar shealgairí le linn dóibh a bheith ag scaoileadh urchair ghunna luaidhe, measann an Coimisiún gurb iomchuí an srian a chur i bhfeidhm ar urchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine, ní hamháin maidir le hurchair ghunna luaidhe a bheith ar iompar ag duine i mbogaigh ach maidir le hiad a bheith ar iompar ag duine i gcrios maolánach seasta timpeall ar bhogaigh freisin.
- (22) Ós rud é nach ndéantar urchair ghunna a dhearadh ná a chur ar an margadh go sonrach nó go heisiach lena n-úsáid i mbogaigh nó i ngiarracht dóibh, dhéanfaidh an srian ar luaidhe in urchair ghunna a chur ar an margadh difear don lámhach i ngach tír-raon. Dá bhrí sin, ba cheart an srian a bheith teoranta d'urchair ghunna luaidhe a scaoileadh agus é a bheith ar iompar ag duine.
- (23) Ba cheart feidhm a bheith ag an srian seo maidir le hurchair ghunna ina bhfuil tiúchan luaidhe le 1 % nó níos mó ná sin. Is é 1 % an teorainn tiúchain a chuirtear i bhfeidhm chun críocha an phróisis ceadúcháin maidir le hurchair ghunna “neamhthocsaineacha” i Stáit Aontaithe Mheiriceá chun baol suntasach tocsaineachta d'éin imirceacha agus d'fhiadhúlra eile, nó dá ngnáthóga, a sheachaint. Thairis sin, meastar gur leor tairseach tiúchain 1 % le haghaidh an tsriain chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hábhar urchar gunna ina bhfuil luaidhe, rud is féidir le tairgeoirí urchar gunna malartach a bhaint amach go héasca freisin ós rud é gur dócha go mbeidh luaidhe ina neamhíonacht i roinnt de na roghanna malartacha sin.
- (24) Is iomchuí léiriú a thabhairt ar an sainmhíniú ar “bhogaigh” a úsáidtear sa Choinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar) a síníodh i Ramsar an 2 Feabhra 1971 chun críocha an tsriain, mar a mhól an Gníomhaireacht agus mar a dearbhaíodh i dtuairimí RAC agus SEAC, ós rud é go bhfuil an sainmhíniú sin cuimsitheach agus go gcumhdaíonn sé gach cineál bogaigh (lena n-áirítear tailte portaigh, áit a bhfuil go leor éan uisce le fáil freisin), agus ós rud é go bhfuil córas aicmithe le haghaidh cineálacha bogaigh forbartha ag an nGoinbhinsiún Ramsar chun cuidiú le bogaigh a aithint.
- (25) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do gheallsealbhoirí bearta iomchuí a dhéanamh chun an srian a chomhlíonadh agus ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit ullmhú dá fhorfheidhmiú. Agus na tuairimí a chuir RAC agus SEAC in iúl maidir le hindéantacht agus oiriúnacht tréimhse níos giorra ná na 3 bliana a mhól an Gníomhaireacht á gcur san áireamh, agus aird ar leith á thabhairt ar an tionchar measta a bheadh ann gach bliain dá dtabharfaí isteach níos mó luaidhe i mbogaigh trí úsáid a bhaint as urchair ghunna luaidhe, ba cheart cur i bhfeidhm an tsriain a chur siar go ceann 24 mhí.
- (26) I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhoilsigh an Gníomhaireacht torthaí tuarascáil ⁽⁶⁾ imscrúdaithe ina ndearnadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil faoi úsáidí éagsúla luaidhe, lena n-áirítear, i measc nithe eile, in urchair ghunna a úsáidtear i tír-raonta lasmuigh de bhogaigh, eadhon timpeallachtaí talún. Ós rud é gur léiríodh sa tuarascáil imscrúdaithe, *inter alia*, gur tugadh le fios san fhaisnéis a bhí ar fáil gur baol do shláinte an duine agus don chomhshaol araon urchair ghunna luaidhe a úsáid i dtimpeallachtaí talún, d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht in 2019 sainchomhad Iarscríbhinn XV a ullmhú ionas go bhféadfaí srian a chur ar luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid san armlón agus i bhfearas iascaireachta ⁽⁷⁾.
- (27) Thairis sin, ina dtuairimí ar shainchomhad Iarscríbhinn XV maidir le luaidhe a úsáid le haghaidh lámhach i mbogaigh, chuir RAC agus SEAC in iúl go gcomhaontaíonn siad le dearcadh na Gníomhaireachta go mbeadh leibhéal níos airde cosanta comhshaoil ann dá ndéanfaí toirmeasc ar urchair luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i ngach tír-raon agus go mbeadh sé níos éifeachtaí ó thaobh praiticiúlachta agus in-fhorfheidhmitheachta de.
- (28) I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh deacrachtaí ar leith eascairt as an srian a thugtar isteach leis an Rialachán seo de thoradh na ndálaí geografacha sonracha sna Ballstáit sin. I gcás na mBallstát a bhfuil cion suntasach bogaigh ina gcóir, d'fhéadfadh éifeacht chomhchosúil iarbhír a bheith ag toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a scaoileadh agus iad a bheith ar iompar ag duine i mbogaigh agus ina ngiarracht le toirmeasc iomlán ar gach lámhach ar fud na críche go léir, ós rud é gur rídhócha go dtarlódh sé sealgairí de gach cineál a bheith i mbogaigh nó gar do bhogaigh go minic. Ina theannta sin, maidir leis na hacmhainní a chaithfí a úsáid chun srian a fhorfheidhmiú nach bhfuil dírithe ach ar limistéir i mbogaigh agus i ngiarracht dóibh, d'fhéadfadh sé nach mbeidís i bhfad níos lú, agus go deimhin, d'fhéadfadh sé gur mó a bheidís ná na hacmhainní a theastaíonn chun srian lena gcumhdaítear a gcóir ina hiomláine a fhorfheidhmiú.

⁽⁶⁾ https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/lead_ammunition_investigation_report_en.pdf/efdc0ae4-c7be-ee71-48a3-bb8abe20374a

⁽⁷⁾ https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/rest_lead_ammunition_COM_request_en.pdf/f607c957-807a-3b7c-07ae-01151001d939

- (29) I bhfianaise na ndeacrachtaí a thuairiscítear, an gá atá leis an mbeart ní hamháin a bheith éifeachtach ach freisin a bheith simplí agus cothrom ar an bpobal fiaigh ina iomláine, agus i bhfianaise thorthaí tuarascáil imscrúdaithe na Gníomhaireachta agus tuairimí RAC agus SEAC freisin, measann an Coimisiún gur cheart an rogha a thabhairt do na Ballstáit sin ar dócha go n-eascróidh deacrachtaí den sórt sin iontu srian éagsúil a chur ar a gcríoch, ar srian é lena gcuirfí toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh in áit éigin eile, agus ar scaoileadh urchar gunna luaidhe freisin agus ar urchair ghunna a bheith ar iompar ag duine ar fud a gcríche, cibé acu i mbogaigh nó in aon áit eile, maidir le haon chineál lámhaigh.
- (30) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, tá sé tábhachtach na Ballstáit atá le bheith incháilithe chun leas a bhaint as an rogha sin a shainnithint go soiléir. Ba cheart an rogha a bheith ar fáil do na Ballstáit sin a bhfuil ar a laghad 20 % dá gcríoch comhdhéanta de limistéir bhogaigh. Le tairseach 20 %, ba cheart go gcumhdófaí na Ballstáit sin ar dócha go mbeidh deacrachtaí acu de thoradh na gcoinníollacha geografacha sonracha.
- (31) Ós rud é go mbeadh an srian a d'fhéadfadh na Ballstáit sin a fhorchur níos déine ná an srian a bheadh teoranta do limistéir i mbogaigh agus i ngiorracht dóibh, is iomchuí tréimhse níos faide a shocrú chun an srian sin a thabhairt isteach. Ba cheart an tréimhse sin a shocrú ag 36 mhí, rud a chomhfhreagraíonn don tréimhse a mhol an Ghníomhaireacht ar dtús i sainchomhad Iarscríbhinn XV.
- (32) Ar chúiseanna trédhearcachta agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a bhaineann úsáid as an rogha fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena rún agus na bearta a ghlacfaidh siad chun éifeacht a thabhairt dó a chur in iúl laistigh de sprioc-amanna áirithe, agus ba cheart don Choimisiún na fógraí maidir le rún chomh maith le téacsanna na mbeart náisiúnta a ghlacfaidh siad a chur ar fáil go poiblí gan mhoill.
- (33) Tá forálacha náisiúnta i bhfeidhm ag roinnt Ballstát lena dtoirmisítear nó lena sriantar luaidhe in urchair ghunna chun an comhshaoil nó sláinte an duine a chosaint ar bhealach níos déine ná mar a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá gcuirfí iallach ar na Ballstáit sin an leibhéal cosanta atá ann cheana a laghdú chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, d'fhéadfadh sé go méadófaí ar úsáid luaidhe in urchair ghunna sna Ballstáit sin. Ní bheadh an toradh sin ag luí leis an ardleibhéal cosanta a cheanglaítear le hAirteagal 14(3) den Chonradh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit forálacha níos déine den sórt sin a choinneáil.
- (34) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.
- (35) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, in iontráil 63, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach sa dara colún:

	<p>“11. Tá toirmeasc ar cheachtar de na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh tar éis an 15 Feabhra 2023 nó laistigh de bhogaigh nó laistigh de 100 méadar díobh:</p> <p>(a) urchair ghunna a scaoileadh ina mbeidh tíúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhíotal) 1 % de réir meáchain nó níos mó ná sin;</p> <p>(b) aon urchar gunna den sórt sin a bheith ar iompar ag duine i gcás ina dtarlódh sé sin le linn dó a bheith ag lámhach i mbogach nó le linn dó a bheith ag dul ag lámhach i mbogach.</p> <p>Chun críocha na chéad fhomhíre:</p> <p>(a) ciallaíonn ‘laistigh de 100 méadar de bhogach’ laistigh de 100 méadar amach ó aon phointe teorann seachtraí bogaigh;</p> <p>(b) ciallaíonn ‘lámhach i mbogach’ lámhach i mbogaigh nó laistigh de 100 méadar de bhogaigh;</p> <p>(c) má bheirtear ar dhuine a mbeidh urchair ghunna ar iompar aige i mbogaigh nó laistigh de 100 méadar de bhogaigh le linn dó a bheith ag lámhach nó le linn dó a bheith ag dul ag lámhach, glactar leis gur lámhach i mbogach é an lámhach atá i gceist mura féidir leis an duine sin a thaispeáint gur lámhach de chineál éigin eile a bhí ann.</p> <p>Ní bheidh feidhm ag an srian a leagtar síos sa chéad fhomhír i mBallstát má thugann an Ballstát sin fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 12 go bhfuil rún aige leas a bhaint as an rogha a dheonaítear leis an mír sin.</p> <p>12. Más bogaigh atá in 20 % ar a laghad de chríoch Ballstáit, gan uiscí teorann an Bhallstáit a áireamh, féadfaidh an Ballstát sin, in ionad an srian a leagtar síos sa chéad fhomhír de mhír 11, na gníomhartha seo a leanas a thoirmeasc ar fud a chríche ón 15 Feabhra 2024:</p> <p>(a) urchair ghunna ina mbeidh tíúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhíotal) 1 % de réir meáchain nó níos mó ná sin a chur ar an margadh;</p> <p>(b) aon urchar gunna den sórt sin a scaoileadh;</p> <p>(c) aon urchar gunna den sórt sin a iompar le linn do dhuine a bheith ag lámhach nó le linn dó a bheith ag dul ag lámhach.</p> <p>Aon Bhallstát a bhfuil sé ar intinn aige úsáid a bhaint as an rogha a dheonaítear leis an gcéad fhomhír, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoin rún sin faoin 15 Lúnasa 2021. Cuirfidh an Ballstát téacs na mbeart náisiúnta a ghlac sé in iúl don Choimisiún gan mhoill agus ar aon chuma faoin 15 Lúnasa 2023. Déanfaidh an Coimisiún aon fhógraí rún agus téacsanna de bhearta náisiúnta a gheobhaidh sé a chur ar fáil go poiblí gan mhoill.</p> <p>13. Chun críocha mhíreanna 11 agus 12:</p> <p>(a) ciallaíonn ‘bogaigh’ limistéir réisc, eanaigh, portaigh nó uisce, pé acu nádúrtha nó saorga, buan nó sealadach, ina bhfuil uisce ciúin nó reatha, fíoruisce, uisce goirt nó sáile, lena n-áirítear limistéir uisce mhuirí nach mó ná 6 mhéadar a dhoimhneacht le lag trá;</p> <p>(b) ciallaíonn ‘urchair ghunna’ millíní a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i lucht aonair nó i gcartús amháin i ngránghunna;</p> <p>(c) ciallaíonn ‘gránghunna’ gunna mínchró, gan aerghunnaí a áireamh;</p> <p>(d) ciallaíonn ‘lámhach’ aon lámhach le gránghunna;</p> <p>(e) ciallaíonn ‘iompar’ iompar ar cholainn duine nó aon chineál eile iompair cibé cén modh;</p> <p>(f) nuair a bheifear ag cinneadh an bhfuil urchair ghunna ar iompar ag duine a thioctar air agus urchair ghunna ar iompar aige ‘le linn dó a bheith ag dul ag lámhach’:</p> <p>(i) tabharfar aird ar imthosca uile an cháis;</p> <p>(ii) ní gá gurb é an duine a thioctar air agus na hurchair ghunna ar iompar aige an duine atá ag lámhach.</p>
--	---

	<p>14. I dtaca le forálacha náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil nó sláinte an duine atá i bhfeidhm an 15 Feabhra 2021 agus lena sriantar luaidhe in urchair ghunna ar bhealach níos déine ná mar a fhoráiltear i mír 11, féadfaidh na Ballstáit na forálacha sin a choimeád i bhfeidhm.</p> <p>Cuirfidh an Ballstát téacs na bhforálacha náisiúnta sin in iúl don Choimisiún gan mhoill. Déanfaidh an Coimisiún aon téacs maidir le forálacha náisiúnta den sórt sin a gheobhaidh sé a chur ar fáil go poiblí gan mhoill.”</p>
--	---
